

3 Costas na mBeart Cobhsaithe Baincéireachta amhail ag deireadh 2016

- 3.1** Tar éis don ghéarchéim airgeadais teacht sa mhullach orainn in 2008, rinne an Stát roinnt beart d'fhonn an córas baincéireachta a chobhsú. Mar chuid de na bearta sin, chuir Banc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais) méid suntasach cúnaimh leachtachta eisceachtúil ar fáil do bhainc Éireannacha, thug an Rialtas ráthaíocht do thaiscí agus do dhliteanais áirithe eile, rinneadh bainc Éireannacha a athchaipitliú agus cuireadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (an GNBS) ar bun le seilbh a ghlacadh ar shócmhainní bearnaithe na mbanc.
- 3.2** Is é is cuspóir leis an tuarascáil seo ná meastachán a thabhairt ar ghlan-toradh bhearta cobhsaithe baincéireachta an Stáit amhail ag deireadh 2016.


Léargas ginearálta ar na glanchostais

- 3.3** Tá sé éasca go leor sainithint a dhéanamh ar na cistí a úsáideadh leis na bainc a athchaipitliú, lena n-áirítear na caillteanais. Is féidir ioncam a fuarthas ó na hinfheistíochtaí a aithint gan aon agó i bhformhór mór na gcásanna chomh maith. Bíodh sin mar atá, caithfear nósanna imeachta meastacháin a úsáid le sainithint a dhéanamh ar na costais a thabhaigh an Stát i leith na hinfheistíochtaí a mhaoiniú agus le luacháil a dhéanamh ar an leas atá fágtha ag an Stát i sócmhainní baincéireachta.
- 3.4** Tugann an anailís le fios go raibh glanchostas €56.5 billiún ar na bearta cobhsaithe baincéireachta don Stát suas go dtí deireadh 2016. Caithfear luach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc (€13.6 billiún) agus barrachas deiridh réamh-mheasta an GNBS (thart ar €3 bhilliún) amhail an 31 Nollaig 2016 a chur in aghaidh an ghlanchoistais ansin. Fágann sé sin gurb é beagán níos lú ná €40 billiún an glan-eis-sreabhadh don Stát (féach Fíor 3.1).¹

1 Ag deireadh 2016, tuairiscíodh beagán ní ba mhó ná €3 bhilliún de bhrabús coinnithe carntha i ráitis airgeadais an GNBS. Thuairiscigh an GNBS €469 milliún de bharrachais neamhaitheanta chomh maith.

Fíor 3.1 Glantordh measta ó na bearta cobhsaithe baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2016

	€bn	€bn
Costas caipitlithe na mbanc (infheistíochtaí)		66.8
Costas measta na gcistí arna n-infheistiú ^a		14.8
<i>Lúide ioncam</i>		
Diúscairt infheistíochtaí	(9.1)	
Ioncam ó infheistíochtaí	(4.6)	
Glanioncam ó scéimeanna ráthaíochta dliteanas	(3.7)	
Barrachas bainteach measta sa Bhanc Ceannais ^b	(7.7)	(25.1)
Glanhostas measta na mbeart cobhsaithe baincéireachta don Stát amhail an 31 Nollaig 2016		56.5
Luach iarmharach measta na n-infheistíochtaí amhail an 31 Nollaig 2016	(13.6)	
Barrachas measta ón GNBS ^c	(3.0)	(16.6)
Glantordh measta don Stát ó na bearta cobhsaithe baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2016		39.9
Costas athfhillteach bliantúil measta um sheirbhísíú an fhiachais	Idir €1.0 billiún agus €1.4 billiún sa bhliain ^d	



Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Féach larscríbhinn 3A chun tuilleadh sonraí a fháil.

- Nótaí:
- a Tá san áireamh sa chostas measta fónaimh d'fhiachas a bhaineann leis an infheistíocht i mbainc na costais fónaimh d'fhiachas a bhaineann leis na hinfeistíochtaí a rinne CISÉ, agus le bisigh a d'íoc GBCN, nuair a d'fhuascail sé bannaí rialtais a eisíodh don Bhanc Ceannais in ionad nótaí gealltanais.
 - b An chuid d'ioncam barrachais an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith bearta cobhsaithe baincéireachta.
 - c Ní féidir barrachas réamh-mheasta an GNBS a leithroinnt ar institiúidí aonair ar bhealach ar féidir brath air.
 - d Ag glacadh leis go mbeidh na rátaí úis idir 2.5% agus 3.5% sa bhliain. Déanfar amach an costas iarbhir trí thagairt don mhéid iarbhir a ghnóthófar ó na hinfeistíochtaí atá fágtha agus do chostas iasachtaíochta an Stáit.

Caipitliú na mbanc

3.5 Maoiníodh na hinfheistíochtaí de luach €66.8 billiún trí

- An Stáitchiste — €44.4 billiún, lena n-áirítear €30.85 billiún i bhfoirm nótaí gealltanais. I mí Feabhra 2013, tar éis leachtaitheoirí speisialta a cheapadh chun na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (CÉRB), cuireadh bannaí rialtais in ionad nótaí gealltanais de luach €25.034 billiún a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais mar urrús comhthaobhach ar na hiasachtaí don CÉRB. Idir 2014 agus 2016, d'fhuascail GBCN €5.5 billiún de na bannaí sin.
- Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) — €22.4 billiún, lena n-áirítear ath-infheistiú €1.7 billiún de ghnáthscaireanna a fuarthas in ionad díbhinní ar scaireanna tosaíochta.¹

3.6 Tá tuilleadh sonraí faoi na hinfheistíochtaí agus faoin ioncam a fhaightear uathu leagtha amach in larscríbhinn 3B.

Diúscairt scaireanna i mBainc-Aontas Éireann in 2017

3.7 Ag deireadh 2016, bhí luach €11.6 billiún ar scairsheilbh an Stáit i mBainc-Aontas Éireann. D'íoc Banc-Aontas Éireann díbhinn €250 milliún le CISÉ i mí na Bealtaine 2017. Bhí luach beagáinín ní ba lú €4.19 ar gach scair an tráth sin.

3.8 Díoladh 29% de scairsheilbh an Stáit ina dhiaidh sin, ar phraghas €4.40 in aghaidh na scaire — thart ar 5% ní b'airde — i dtairiscint phoiblí thosaigh (IPO) Bhainc-Aontas Éireann d'infheisteoirí institiúideacha agus aonair. Ghnóthaigh an Stát €3.43 billiún ar an iomlán ón tairiscint phoiblí thosaigh. D'íoc Banc-Aontas Éireann go díreach as gach táille agus costas a thabhaigh an Stát i ndáil leis an tairiscint phoiblí thosaigh faoi théarmaí na gcomhaontuithe athchaipitlithe leis an mbanc.

3.9 Tar éis dhíol na scaireanna, bhí an Stát fágtha le scairsheilbh 71% i mBainc-Aontas Éireann, arbh fhiú beagán ní ba lú ná €8.5 billiún é ar phraghas €4.40 in aghaidh na scaire (an praghas sa tairiscint phoiblí thosaigh).

Ioncam de chuid an Bhainc Ceannais a bhaineann le cobhsú baincéireachta

3.10 I gcás na mblianta 2009 go 2016, measadh mar chuid den scrúdú go raibh thart ar €7.7 billiún d'ioncam barrachais an Bhainc Ceannais (€12.5 billiún ar an iomlán) inchurtha i leith ionstraimí airgeadais a bhí ina sheilbh mar thoradh ar bhearta cobhsaithe baincéireachta a rinne an Stát (féach Fíor 3.2). Choinnigh an Banc Ceannais 20% den ioncam barrachais a bhain le bearta cobhsaithe baincéireachta (thart ar €1.5 billiún) chun a chúlchistí féin a mhéadú agus d'íoc an fúlleach leis an Stáitchiste (€6.2 billiún) i bhfoirm díbhinní bliantúla.²

¹ Is é an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) a rinne na hinfheistíochtaí ar an gcéad dul síos. Aistríodh sócmhainní an CNP chuig CISÉ in 2014.

² Is é an tAire Airgeadais an t-aon scairshealbhóir amháin i mBanc Ceannais na hÉireann.

Fíor 3.2 Meastachán ar an ioncam barrachais de chuid an Bhainc Cheannais atá inchurtha i leith idirbhearta a bhain le bearta cobhsaithe baincéireachta, 2009 go 2016

	Glanioncam ó ús	Gnóthachain ar dhiúscairt bannaí	Iomlán
	€bn	€bn	€bn
Cúnamh eisceachtúil leachtachta ^a	1.89	—	1.89
Bannaí rialtais, agus bannaí arna ráthú ag an Rialtas, i seilbh an Bhainc Ceannais ^b	2.68	3.17	5.85
Iomlán	4.57	3.17	7.74

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Idir 2009 agus 2013, tugadh cúnamh leachtachta eisceachtúil do na ceithre phríomhbhanc a bhí caipitlithe ag an Stát.
 - b Tá san áireamh san fhigiúr seo bannaí a bhaineann leis an CÉRB a d'eisigh an GNBS, bannaí a eisíodh le híocaíocht nóta gealltanais de luach €3.06 billiún a dhéanamh, bannaí a eisíodh in ionad nótaí gealltanais de luach €25.034 billiún tráth ar leachtaíodh an CÉRB, agus fiachas a d'eisigh GBCN le roinnt de na bannaí sin a fhuascailt.

- 3.11** Tugadh an chuid ba mhó den chúnamh leachtachta eisceachtúil (beagnach 90% bunaithe ar an ús a fuair an Banc Ceannais) don CÉRB agus bhain gach ioncam agus gnóthachan i leith bannaí rialtais leis an CÉRB. An chuid €7.7 billiún d'ioncam barrachais an Bhainc Ceannais do na blianta 2009 go 2016 a d'eascair as bearta cobhsaithe baincéireachta, meastar go bhfuil 97% di inchurtha i leith idirbheart idir an Banc Ceannais agus an CÉRB (féach Fíor 3.3).

Fíor 3.3 An t-ioncam barrachais de chuid an Bhainc Ceannais do na blianta 2009 go 2016 a d'eascair as bearta cobhsaithe baincéireachta, de réir bainc thacaíthe

Banc arna thacú ag bearta cobhsaithe	Ioncam barrachais de chuid an Bhainc Ceannais is inchurtha i leith tacaíochta do bhainc
	€m
Bainc-Aontas Éireann	66
Banc na hÉireann	99
Permanent TSB	44
CÉRB	7,535
Iomlán	7,744

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Bannaí rialtais i seilbh an Bhainc Ceannais

- 3.12** In 2013, fuair an Banc Ceannais bannaí rialtais a d'eisigh GBCN tar éis leachtú an CÉRB
- bannaí ráta chomhlúthaigh ó Rialtas na hÉireann, a raibh luach ainmniúil €25.034 billiún orthu agus a thiocfadh in aibíocht idir 25 agus 40 bliain tar éis a n-eisiúna. Tháinig na bannaí seo in ionad nótaí gealltanais
 - banna 2025 ó Rialtas na hÉireann, a raibh luach ainmniúil €3.461 billiún air agus a shaothródh 5.4%.

3.13 Idir 2013 agus 2016, thuill an Banc Ceannais glanús €2.7 billiún ar na bannaí agus ghnóthaigh €3.2 billiún ar dhiúscairt roinnt de na bannaí sin ¹


- D'eascair €2.3 billiún de na gnóthachain as bannaí ráta chomhlúthaigh, a raibh luach ainmniúil €5.5 billiún orthu, a dhiúscairt ar ais do GBCN
- D'eascair €0.9 billiún de na gnóthachain as bannaí rialtais 5.4% a dhiúscairt chun an mhargaidh oscailte.

Íocaíochtaí arna ndéanamh ag GBCN leis an mBanc Ceannais

3.14 An t-ús ar na bannaí agus na bisigh a íocadh nuair a thug GBCN roinnt de na bannaí ar ais, íocann GBCN leis an mBanc Ceannais iad as cistí an Stáitchiste (lena n-áirítear iasachtaíocht stáit).

3.15 Thart ar thrí cheathrú den ús agus de na bisigh a d'íoc GBCN leis an mBanc Ceannais, íocadh ar ais don Stáitchiste é mar chuid den díbhinn a d'íoc an Banc Ceannais óna ioncam barrachais, rud a laghdaigh an glanchostas a bhaineann le fónamh don chuid seo den fhiachas. Tá cur síos déanta i bhFíor 3.4 ar shreabhadh ciorclach na gcistí.

Fíor 3.4 Bannaí a bhain leis an CÉRB atá i seilbh an Bhainc Ceannais — sreabhadh na gcistí ón/chuig an Stáitchiste, 2013 go 2016^a



¹ Fuair an Banc Ceannais sócmhainní eile chomh maith, lena n-áirítear bannaí ón GNBS, mar thoradh ar leachtú an CÉRB. Bhí na bannaí sin ar fad, seachas €83 milliún díobh, díolta faoi dheireadh 2016, rud a ghnóthaigh ní ba lá ná €1 milliún.

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ina theannta sin, ghnóthaigh an Banc Ceannais €0.9 billiún eile nuair a dhiúscair bannaí a bhain leis an CÉRB ar an margadh oscailte. Níor tháinig na cistí sin ón Stáitchiste.

- 3.16** Chuir an Banc Ceannais in iúl ina thuarascáil bhliantúil in 2016 go bhfuil sé beartaithe aige na bannaí ráta chomhlúthaigh atá fós aige a dhíol a luaithe is féidir, ar chuntar go mbeidh dáilí seasmhacha airgeadais i réim. Shonraigh an Banc Ceannais go ndíolfadh sé méideanna íosta de na hurrúis sin de réir an sceidil seo a leanas: 2017-2018 €0.5 billiún sa bhliain, 2019-2023 €1 bhilliún sa bhliain agus ó 2024 ar aghaidh €2 bhilliún sa bhliain, go dtí go mbeidh na bannaí uile díolta.
- 3.17** Cibé acu a fhuasclóidh GBCN na bannaí rialtais le cistí arna bhfáil ar iasacht ar rátaí margaidh nó a dhíolfadh an Banc na bannaí rialtais ar an margadh oscailte, beidh an tionchar céanna ag an diúscairt ar an Státhchiste. Beidh an costas éifeachtach fónaimh don fhiachas a bhainfidh leis na diúscairtí mar an gcéanna dá bhrí sin.
- Má fhuasclaíonn GBCN na bannaí le cistí arna bhfáil ar iasacht, tiocfaidh aon bhiseach a íocfaidh GBCN ar a bhfuascailt ar ais don Stát, bíodh sé mar chuid de dhíbhinn don Bhanc Ceannais nó coinnithe ag an mBanc ina chúlchistí.¹ Íocfaidh GBCN ús le páirtí seachtrach ansin ar na cistí a d'úsáid leis na bannaí a fhuascailt.
 - Má dhíoltar na bannaí le tríú páirtí, réadóidh an Banc Ceannais gnóthachan. Ina leithéid de chás, leanfaidh GBCN air ag íoc úis ar na bannaí, leis an gceannaitheoir, ar an ráta céanna a d'íocfaí leis an mBanc Ceannais roimh a ndiúscairt. Déanfaidh gnóthachan an Bhanc Ceannais ar an diúscairt cúiteamh ar an ráta úis níos airde don Stát.

Costais a bhaineann le fiachas


- 3.18** De bharr gur tógadh amach iasachtaí leis na hinfheistíochtaí sna bainc a mhaoiniú, ní mór don Stát costais bhreise fónaimh d'fhiachas agus costais eile lena mbaineann a sheasamh. Thabhaigh an Stát costais thart ar €14.8 billiún san iomlán de bharr fiachais le himeacht na tréimhse ó 2009 go dtí 2016. Tá comhdhéanamh na gcostas sin a bhain le fiachas leagtha amach i bhFíor 3.5.
- Ba é €12.5 billiún na costais úis mheasta, costais úis bharúlacha na n-infheistíochtaí a rinne CISE san áireamh.²
 - Bisigh de luach €2.3 billiún san iomlán a d'íoc GBCN nuair a d'fhuascail sé bannaí rialtais a eisíodh don Bhanc Ceannais in ionad nótaí gealltanais. D'eascair na bisigh de bharr go raibh an toradh ar na bannaí rialtais ní b'íslé tráth a ndiúscairtha ná an tráth a bhfuair an Banc Ceannais iad.³

1 Glactar leis go mbeidh an toradh ar bhannaí tráth a ndiúscairtha níos lú ná an toradh ar bhannaí tráth a n-eisiúna, rud a fhágann go mbeidh gnóthachan ann don Bhanc Ceannais tráth a ndiúscairtha.

2 Mhaoinigh CISE a infheistíochtaí lena chuid acmhainní féin, rud a chiallaíonn nach raibh aon mhuirear díreach úis chuig an Stát i ndáil leis na hinfheistíochtaí sin. Bhí deischoistas ag baint leis na hinfheistíochtaí don Stát, áfach. Chun críocha an scrúdaithe seo, ríomhadh an costas barúlach mar an t-ús a thabhaigh an Státhchiste ar na hiasachtaí siúd a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh cistí CISE ar fáil don Stát chun críoch seachas infheistíú i mbainc.

3 Is iondúil go ndéantar plé le costas biseach sna cuntais ar bhonn cothrom le himeacht thréimhse an fhiachais. Déanann an Banc Ceannais plé le bisigh mar ioncam sa bhliain a bhfaigheann iad. Le leanúnachas a chinntiú, tá plé déanta leis na bisigh sa tuarascáil seo mar chostas sa bhliain ar íoc GBCN iad.

Fíor 3.5 Costais mheasta fiachais a bhaineann le hinfheistíochtaí an Stáit sna bainc, 2009 go 2016



Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 3.19** Tá tuilleadh sonraí faoi na costais mheasta fónaimh d'fhiachas agus faoin modheolaíocht a úsáideadh sa scrúdú leagtha amach in larscríbhinn 3C.

Costais fónaimh d'fhiachas a leanann ar aghaidh agus ioncam, 2017

- 3.20** Amhail ag deireadh 2016, bhí an Státhiste fós ag seasamh na gcostas fónaimh don fhiachas a d'eascair as na hinfheistíochtaí a rinneadh sna bainc ar ghlanchoistas €56.5 billiún.¹ Measadh sa scrúdú gur dócha go mbeadh costas thart ar €1.7 billiún air sin in 2017.² Baineann an chuid is mó den fhiigiúr sin (beagán níos mó ná €1 billiún) leis an CÉRB agus le Banc-Aontas Éireann (thart ar €0.6 billiún). Fuair an Stát a infheistíocht i mBanc na hÉireann ar ais (na costais fónaimh don fhiachas san áireamh) agus ní thabhaíonn aon chostais fónaimh i ndáil le Banc na hÉireann a thuilleadh dá bhrí sin. Meastar gurb é €50 milliún an costas fónaimh don fhiachas a bhaineann le Permanent TSB sa bhliain.

- 3.21** Braithfidh an costas fónaimh don fhiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí ar roinnt fachtóirí éagsúla san fhadtéarma

- An méid a réadóidh an Stát ó na hinfheistíochtaí atá fágtha aige .i. an méid a gheobhaidh an Stát ó dhiúscairt na scairshealbh sna bainc agus ó aon bharrachas ón GNBS.
- Cé chomh fada agus a choinneoidh an Banc Ceannais na bannaí rialtais i seilbh. Fad is atá na bannaí sin fós i seilbh an Bhanc Ceannais, cuirfear ioncam ón mBanc Ceannais in aghaidh na gcostas úis don Stát.
- Costas an mhaoinithe don Stát nuair a dhéanann sé fiachas atá ann cheana a athmhaoiniú tráth a dtagann sé in aibíocht.

- 3.22** Tá sé réamh-mheasta san fhadtéarma go gcosnóidh sé thart ar €400 milliún sa bhliain in aghaidh gach pointe céatadáin a íocann an Stát ar a chuid fiachais le fónamh don fhiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí. Mar shampla, ar rátaí 2.5% agus 3.5%, chosnódh sé idir €1.0 bhilliún agus €1.4 billiún in aghaidh na bliana le fónamh don fhiachas.

1 Tíocfaidh laghdú ar an iarmhéid maoinithe, a bhfuil costais úis á dtabhú ina leith, de réir mar a dhiúschrófar scairshealbha iarmharacha.

2 Níl san áireamh anseo ach costais úis amháin. Beidh costas breise i gceist le haon bhisigh a íocfar i leith fuascailt bannaí.

3 Ní chlúdaítear ach institiúidí atá ceadúnaithe le taiscí a ghlacadh isteach in Éirinn agus atá údaráithe ag an mBanc Ceannais.

4 Ba iad Banc-Aontas Éireann, Anglo, Banc na hÉireann, an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS), Irish Life and Permanent, Cumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann (INBS) agus Postbank Teoranta na hinstiúidí a bhain leas as an scéim (na 'bainc chlúdaithe').

5 Banc-Aontas Éireann, CÉRB, Banc na hÉireann agus Irish Life and Permanent.

Ioncam ó scéimeanna ráthaíochta dliteanas

- 3.23** Thug an Stát ráthaíocht do dhliteanais áirithe a bhí ar na bainc faoi thrí phríomhscéim

- An Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT), faoinar tugadh ráthaíocht do thaiscí a bhí ag daoine aonair in institiúidí creidmheasa suas le €100,000 in aghaidh an taisceora incháilithe in aghaidh na institiúide.³ Ní raibh aon táillí ráthaíochta iníoctha leis an Stát faoin scéim seo.
- An Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (FCTA), a bhí i réim idir 2008 agus 2010, faoinar tugadh ráthaíocht do réimse leathan dliteanas bainc le haghaidh seacht n-institiúid a roghnaigh páirt a ghlacadh sa scéim.⁴ Éilíodh ar na hinstiúidí creidmheasa íoc as an gcosaint a cuireadh ar fáil faoin scéim.
- Tháinig an Scéim Ráthaíochta Dlíteanas Incháilithe (an SRDI) in éifeacht i mí na Nollag 2009 agus níor ghlac le haon dliteanais nua tar éis mí an Mhárta 2013. Bhí dliteanais de luach thart ar €74.6 billiún faoi ráthaíocht na scéime ag an tráth sin. Éilíodh ar na ceithre institiúid a ghlac páirt sa scéim táillí a íoc as an gclúdach a fuair siad.⁵

Tá tuilleadh sonraí faoi gach scéim leagtha amach in larscríbhinn 3D.

- 3.24** Faoi dheireadh 2016, bhí an Stát tar éis glanioncam thart ar €3.7 billiún a fháil faoi na scéimeanna — fuarthas €4.5 billiún de tháillí, íocadh éilimh de luach beagnach €1.1 billiún, agus fuarthas thart ar €280 milliún ó leachtaitheoirí speisialta an CÉRB (féach Fíor 3.6). Tá laghdú suntasach tagtha ar na táillí a íoctar i leith dliteanas atá clúdaithe faoin SRDI ó 2012 i leith, agus ní raibh ach €47 milliún i gceist leo in 2016.

Fíor 3.6 Glanioncam ó scéimeanna ráthaíochta dliteanas, 2010 go 2016

	SRT	FCTA	SRDI	Iomlán
	€bn	€bn	€bn	€bn
Táillí arna n-íoc leis an Státchiste ^a	—	0.8	3.7	4.5
Éilimh arna n-íoc ag an Státchiste	—	—	(1.1)	(1.1)
Díbhinn ó leachtaitheoirí speisialta an CÉRB ^b	—	—	0.3	0.3
Glanioncam	—	0.8	2.9	3.7

Foinsí: An Banc Ceannais agus an Roinn Airgeadais

- Nótaí:
- a Tá san áireamh san fhigiúr seo thart ar €8 milliún d'ús a tuilleadh nuair a bhí na táillí i dtaisce sa Bhanc Ceannais.
 - b Léiríonn an figiúr seo 25% de na héilimh €1.1 billiún atá íoctha ag an Státchiste. Chuir an Roinn Airgeadais in iúl gur luaigh na leachtaitheoirí speisialta go bhfuil súil acu idir 75% agus 100% de na héilimh bhailí a íoc tráth a gcuirfear leachtú an CÉRB i gcrích.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

- 3.25** Is é is cuspóir leis an GNBS ná sócmhainní réadmhaoine áirithe (iasachtaí réadmhaoine le féichiúnaithe a bhformhór) a thógáil ar láimh ó bhainc Éireannacha, na hiasachtaí agus an chomhthaobhacht lena mbaineann a choinneáil agus a bhainistiú, agus na sócmhainní sin a dhiúscairt i ndeireadh na dála chun leas an Stáit.^{1,2}
- 3.26** D'íoc an GNBS €31.8 billiún le bainc le hiasachtaí réadmhaoine a cheannach, ar iasachtaí iad a raibh beagán ní ba mhó ná €74.4 billiún ag dul do na bainc ina leith. Chaill na bainc nach mór €42.6 billiún ar na hiasachtaí sin, nó 57% dá luach tugtha anonn.
- 3.27** Ag deireadh 2016, tuairiscíodh beagán ní ba mhó ná €3 bhilliún de bhrabús coinnithe carntha i ráitis airgeadais an GNBS. Tuairiscíodh barrachas neamhaitheanta €469 milliún chomh maith, rud a aithneofar mar bharrachas breise thar shaolré an GNBS má choinnítear é. Laghdóidh barrachas an GNBS costas foriomlán na mbeart cobhsaithe baincéireachta tráth a ndéanfar é a réadú agus a íoc leis an Státchiste.
- 3.28** Chuir an GNBS in iúl go bhfuil ceadaithe ag an mBord barrachas réamh-mheasta deiridh suas le €3 bhilliún, ach go mbeidh sé sin spleách ar dhálaí margaidh fabhracha a bheith i réim go fóill tráth a ndéanfar na sócmhainní atá fágtha a réadú.

1 Ba iad Anglo Irish Bank, Bainc-Aontas Éireann (AIB), Banc na hÉireann, Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (INBS) agus an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS) na bainc.

2 Ina theannta sin, tar éis treoir a fháil ón Aire Airgeadais in 2013, fuair an GNBS luach €12.9 billiún de bhannaí rialtais ón mBanc Ceannais mar ghníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach i dtaca le sócmhainní áirithe de chuid an CÉRB. D'aisíoc na leachtaitheoirí speisialta an gníomhas saoráide iasachta ina iomlán agus fuasclaíodh na bannaí ar fad i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Conclúidí

3.29 Faoi dheireadh 2016, ba é €56.5 billiún an glanchostas measta don Stát ar na bearta a rinneadh leis an gcóras baincéireachta a chobhsú. Nuair a chuirtear san áireamh luach measta na scairshealbha a bhí fós ag an Stát i mBainc-Aontas Éireann, i mBanc na hÉireann agus in Permanent TSB amhail ar an dáta sin (€13.6 billiún san iomlán), agus barrachas réamh-mheasta an GNBS (€3 bhilliún), tá an glantoradh measta amhail ag deireadh 2016 cothrom le thart ar €39.9 billiún.

3.30 Tar éis luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit a chur san áireamh freisin, seo a leanas an glantoradh measta, amhail an 31 Nollaig 2016, i dtéarmaí an leibhéil tacaíochta a thug an Stát do gach aon institiúid

- CÉRB — glanchostas measta €35.8 billiún
- Banc-Aontas Éireann — glanchostas measta €7.9 billiún
- Permanent TSB — glanchostas measta €1 bhilliún
- Banc na hÉireann — glanbharrachas measta €1.8 billiún.

Ní féidir barrachas réamh-mheasta an GNBS a leithroinnt ar institiúidí aonair ar bhealach ar féidir brath air.

3.31 Bhí an praghas a fuarthas nuair a díoladh 29% de scairsheilbh an Stáit i mBainc-Aontas Éireann in 2017 5% ní b'airde ná an luach measta ag deireadh 2016, rud a fhágann go raibh méadú €600 milliún tagtha ar luach iomlán na scairsheilbhe tráth a díolta.

3.32 Níl deireadh le roinnt mhaith mór-idirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm leis na bainc a chobhsú go fóill, agus beidh tionchar ag torthaí na n-idirghabhálacha sin ar an nglantoradh sa deireadh thiar.

3.33 Gluaiseann cistí go ciorclach idir comhlachtaí de chuid an Stáit mar thoradh ar an gcaoi a bhfuil na bannaí rialtais a bhaineann le baincéireacht (lena n-áirítear bannaí a dtugann an Rialtas ráthaíocht dóibh) ina sheilbh ag an mBanc Ceannais. Nuair a dhéanfaidh an Banc Ceannais na bannaí a dhiúscairt, tiocfaidh méadú ar an nglanchostas bliantúil fónaimh don fhiachas a bhaineann leis na hinfeistíochtaí sna bainc don Státchiste de bharr go n-íocfar an t-ús ar na bannaí le páirtithe seachtracha uaidh sin amach, agus ní íocfar aon chuid de leis an mBanc Ceannais.

3.34 San fhadtéarma, tar éis scairshealbha uile an Stáit a dhíol, tar éis don GNBS a bharrachas measta a réadú agus tar éis don Bhanc Ceannais na bannaí rialtais go léir atá ina sheilbh aige a dhíol, is iad na costais iasachtaíochta a bheidh i réim don Stát a shocróidh an costas fónaimh don fhiachas fadtéarmach lena mbaineann — thart ar €400 milliún do gach pointe céatadáin a tabhaíodh. I gcás rátaí iasachtaíochta idir 2.5% agus 3.5%, tá sé measta go gcosnóidh an t-ús idir €1 bhilliún agus €1.4 billiún sa bhliain go ceann i bhfad. Leanfaidh na costais fónaimh a bhaineann leis na hidirghabhálacha ar leibhéal áirithe go dtí go dtitfidh fiachas na hÉireann thart ar €40 bhilliún.

larscríbhinn 3A Toradh amhail ag deireadh 2016

Tá léirithe i bhFíor 3A.1 comhpháirteanna an ghlantoraigh ó bhearta cobhsaithe baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2016 do gach banc.

Fíor 3A.1 Glantoradh measta, de réir bainc, ó na bearta cobhsaithe baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2016

	Bainc-Aontas Éireann ^a	Banc na hÉireann	Permanent TSB ^a	Bainc atá fós ag trádáil — iomlán	CÉRB ^a	Iomlán
	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn
Costas caipitlithe na mbanc, trí infheistíochtaí	(22.2)	(5.9)	(4.0)	(32.1)	(34.7)	(66.8)
Costas measta fónaímh don fhiachas a bhaineann leis na hinfeistíochtaí	(5.2)	(0.7)	(0.6)	(6.5)	(8.3)	(14.8)
Diúscairt infheistíochtaí	3.3	4.0	1.8	9.1	—	9.1
Ioncam ó infheistíochtaí	2.7	1.7	0.2	4.6	—	4.6
Glanchostas measta na mbeartha caipitlithe	(21.4)	(0.9)	(2.6)	(24.9)	(43.0)	(67.9)
Táillí arna bhfáil faoi scéimeanna ráthaíochta dliteanas	1.8	1.5	0.7	4.0	0.5	4.5
Éilimh arna ndéanamh faoin scéim ráthaíochta dliteanas	—	—	—	—	(1.1)	(1.1)
Díbhinn ó leachtaitheoirí speisialta an CÉRB					0.3	0.3
Ioncam gaolmhar ón mBanc Ceannais ^b	0.1	0.1	—	0.2	7.5	7.7
Glanchostas measta amhail an 31 Nollaig 2016	(19.5)	0.7	(1.9)	(20.7)	(35.8)	(56.5)
Luach iarmharach measta amhail an 31 Nollaig 2016 ^c	11.6	1.1	0.9	13.6	—	13.6
Glantoradh measta amhail an 31 Nollaig 2016	(7.9)	1.8	(1.0)	(7.1)	(35.8)	(42.9)

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Tá san áireamh in infheistíochtaí i mBainc-Aontas Éireann na hinfeistíochtaí a rinneadh sa Chumann Oideach Foirgníochta (EBS), a bhfuair Bainc-Aontas Éireann é i mí Iúil 2011. D'athraigh Irish Life and Permanent a ainm go Permanent TSB i mí na Bealtaine 2012. Tháinig an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc ó Anglo Irish Bank (Anglo) agus ó Chumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (*Irish Nationwide Building Society*).
 - b Tá thart ar €40 milliún den ioncam ón mBanc Ceannais a bhain le bearta cobhsaithe inchurtha i leith Permanent TSB. Níl sé léirithe i bhFíor 3A.1 de bharr slánúcháin.
 - c Féach larscríbhinn 3B le tuilleadh sonraí a fháil.

larscríbhinn 3B Caipitliú na mbanc trí infheistíochtaí

Rinne an Stát instealltaí caipitil de luach €66.8 billiún san iomlán, glan ar ioncam beagán ní ba mhó ná €260 milliún ó tháillí, i gceithre institiúid airgeadais. Bhí diúscairtí de luach €9.1 billiún déanta aige faoi dheireadh 2016 (féach 3B.1).

Fíor 3B.1 Caipitliú na mbanc — infheistíochtaí agus diúscairtí, go dtí deireadh mhí na Nollag 2016

	Bainc-Aontas Éireann	Banc na hÉireann	Permanent TSB	Bainc atá fós ag trádáil — iomlán	CÉRB	Iomlán-Gach Banc
Infheistíochtaí	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn	€bn
Gnáthscaireanna ^a	(10.8)	(3.1)	(2.3)	(16.2)	(4.1)	(20.3)
Scaireanna tosaíochta ^b	(3.5)	(1.8)	—	(5.3)	—	(5.3)
Ranníocaíocht chaipitiúil	(6.0)	—	—	(6.0)	—	(6.0)
Nótaí caipitil teagmhasacha ^c	(1.6)	(1.0)	(0.4)	(3.0)	—	(3.0)
Luach na nótaí gealltanais arna n-eisiúint ^d	(0.3)	—	—	(0.3)	(30.6)	(30.9)
Irish Life	—	—	(1.3)	(1.3)	—	(1.3)
Infheistíochtaí glan ar ioncam ó tháillí ^e	(22.2)	(5.9)	(4.0)	(32.1)	(34.7)	(66.8)
Diúscairtí						
Gnáthscaireanna	—	1.1	0.1	1.2	—	1.2
Scaireanna tosaíochta	1.7	1.9	—	3.6	—	3.6
Nótaí caipitil teagmhasacha	1.6	1.0	0.4	3.0	—	3.0
Irish Life	—	—	1.3	1.3	—	1.3
Diúscairt infheistíochtaí	3.3	4.0	1.8	9.1	—	9.1
Glaninfheistíocht	(18.9)	(1.9)	(2.2)	(23.0)	(34.7)	(57.7)

Foinsí: Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann agus an Roinn Airgeadais

- Nótaí:
- a Tá san áireamh faoi ghnáthscaireanna díbhinní ar scaireanna tosaíochta a fuarthas i bhfoirm gnáthscaireanna (Bainc-Aontas Éireann €1.41 billiún agus Banc na hÉireann €0.25 billiún).
 - b I mí an Mhárta 2009, rinne an CNP infheistíocht €3.5 billiún i scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann. Tiontaíodh €1.66 billiún de na scaireanna sin ina ngnáthscaireanna i Ráithe 1, 2010 (san áireamh faoi ghnáthscaireanna thuas).
 - c Níl caipiteal teagmhasach incháilithe mar chaipiteal leibhéal 2. Tiontaítear ina ngnáthscaireanna iad i gcúinsí áirithe, m.sh. má thiteann an croí-chóimheas leibhéal 1 faoi bhun 8.25%.
 - d Cuireadh na nótaí gealltanais a bhí ina sheilbh ag an CéRB ar ceal i mí Feabhra 2013 agus malartaíodh idir GBCN agus an Banc Ceannais iad ar bhannaí státhchiste ráta chomhlúthaigh de luach €25.034 billiún san iomlán.
 - e Bhí an t-ioncam ó tháillí a baineadh as na hinfeistíochtaí €260 milliún san iomlán.

Ioncam ó infheistíochtaí agus luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc

Bhí an t-ioncam iomlán a bhí faighte i leith na n-infheistíochtaí go dtí deireadh 2016 €4.6 billiún san iomlán agus ba é €13.6 billiún luach iarmharach measta na n-infheistíochtaí a rinne an Stát sna bainc amhail an 31 Nollaig 2016 (féach Fíor 3B.2).

Fíor 3B.2 Ioncam ó infheistíochtaí an Stáit sna bainc agus luach iarmharach na n-infheistíochtaí sin, mí na Nollag 2016

Ioncam ó infheistíochtaí	Bainc-Aontas Éireann	Banc na hÉireann	Permanent TSB	Iomlán
	€bn	€bn	€bn	€bn
<i>CISÉ</i>				
Ioncam ó tháillí ar scaireanna tosaíochta	0.03	0.03	—	0.06
Gnáthscaireanna in ionad díbhinní ar scaireanna tosaíochta	1.41	0.25	—	1.66
Díbhinní ar scaireanna tosaíochta	0.45	0.74	—	1.19
Cealú barántas scaireanna tosaíochta	0.05	0.49	—	0.54
<i>An Státchiste</i>				
Ús cúpóin ar nótaí caipitil teagmhasacha	0.80	0.15	0.15	1.10
Díbhinn fhabhráithe ar dhíol Irish Life	—	—	0.04	0.04
Iomlán	2.74	1.66	0.19	4.59
Luach iarmharach measta na n-infheistíochtaí	11.6a	1.1b	0.9b	13.6

Foinsí: CISÉ agus an Roinn Airgeadais

Nótaí: a Rinne Ernst and Young an scairsheilbh a luacháil thar ceann CISÉ.

b Arna luacháil ar phraghsanna margaidh.

Iarscríbhinn 3C Costas measta fónaimh don fhiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí an Stáit

Measadh mar chuid den scrúdú gurb é thart ar €14.8 billiún an costas fónaimh don fhiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí, na costais bharúlacha fónaimh don fhiachas i dtaca le hinfheistíochtaí an CNP san áireamh, ag deireadh 2016 (féach Fíor 3C.1).

Tá leagtha amach i bhFíor 3C.2 an mhodheolaíocht a úsáideadh leis an gcostas measta fónaimh don fhiachas a bhaineann le gach foinse mhaoinithe a ríomh.

Fíor 3C.1 Costas measta fónaimh don fhiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí, 2009 go 2016 (lena n-áirítear costais bharúlacha fónaimh don fhiachas i dtaca le hinfheistíochtaí an CNP)

Rangaithe de réir Bliana

	2009 go 2014 €bn	2015 €bn	2016 €bn	Iomlán €bn
Foinse an mhaoinithe				
An Stáitchiste ^a	5.0	2.1	2.7	9.8
CNP/CISÉ	3.7	0.7	0.6	5.0
Iomlán	8.7	2.8	3.3	14.8

Rangaithe de réir Banc

	Bainc-Aontas Éireann €bn	Banc na hÉireann €bn	Permanent TSB €bn	Bainc atá fós ag trádáil — iomlán €bn	CÉRB €bn	Iomlán €bn
Foinse an mhaoinithe						
An Stáitchiste ^a	0.9	0.0 ^b	0.6	1.5	8.3	9.8
CNP/CISÉ	4.3	0.7	—	5.0	—	5.0
Iomlán	5.2	0.7	0.6	6.5	8.3	14.8

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a I measc fhoinsí maoinithe an Stáitchiste tá an t-ús a íocadh ar na nótaí gealltanais a eisíodh 2010, an t-ús a íoctar ar na bannaí rialtais ráta chomhlúthaigh a eisíodh in ionad na nótaí gealltanais, agus na bisigh a d'íoc GBCN chun nótaí ráta chomhlúthaigh a athcheannach ón mBanc Ceannais.
 - b Tabhaíodh thart ar €40 milliún i leith maoiniú Stáitchiste do Bhanc na hÉireann. Tá sé sin léirithe mar nialas sa tábla seo de bharr slánúcháin.

Fíor 3C.2 Modheolaíochtaí a úsáideadh le costas maoinithe na n-infheistíochtaí sna bainc a mheas amhail ag deireadh 2016

Foinse an mhaoinithe	Modh
Maoiniú ón Státchiste	- I gcás na mblianta ó 2009 go 2014, measadh costas maoinithe na n-infheistíochtaí trí thagairt do ráta na hiasachta is déanaí a fuair GBCN sa ráithe ar tharla na hidirbhearta, leis na rátaí a thug GBCN. I gcás na mblianta 2015 agus 2016, ba é meánchostas ualaithe iasachtaí GBCN amhail ag deireadh gach bliain an ráta a úsáideadh. - I gcás diúscairtí nó ioncam a fuarthas in airgead, ríomhadh an laghdú ar an gcostas maoinithe tráth a bhfuair an Státchiste na fáil leis an gcur chuige céanna. - Ríomhadh costas maoinithe bannaí rialtais (nótaí ráta chomhlúthaigh san áireamh) leis na rátaí ab infheidhme do na bannaí. - Tá plé déanta le bisigh a d'íoc GBCN chun bannaí rialtais a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais a fhuascailt mar chostas i mbliain a n-íochta, agus tá plé déanta leis an ioncam ar bhain siad leis ón mBanc Ceannais mar ioncam.
CNP/CISÉ	Mhaoinigh CISÉ a infheistíochtaí lena chuid acmhainní féin. Ní raibh aon mhuirear díreach úis chuig an Stát i ndáil leis na hinfheistíochtaí sin dá bharr sin. Bíodh sin mar atá, bhí deischoostas nó costas barúlach ann don Stát de bharr go mbeadh na cistí ar fáil chun críocha eile murar ghá iad a infheistiú sna bainc. Cuireadh dhá chur chuige faoi chaibidil mar chuid den scrúdú i leith meastachán a dhéanamh ar an gcostas barúlach don Stát. - Sa chéad cheann acu rinneadh an deischoostas a mheas — is é sin le rá, céard a thuillfeadh CISÉ dá mbeadh na cistí aige le hinfheistiú dá lánrogha féin. Chuir CISÉ in iúl go raibh na sócmhainní a leachtaíodh chun na hinfheistíochtaí sna bainc a mhaoiniú ina sócmhainní domhanda leachtacha (ionstraimí fiachais agus cothromais ina measc) den chuid ba mhó, rud a d'fhág an Ciste le hualú méadaithe sócmhainní neamhleachtacha (cothromas príobháideach agus réadmhaoin san áireamh). Chuir CISÉ in iúl, dá mba rud é nár tharla na haistarraingtí, go mbeadh sé réasúnta a bheith ag súil go bhfanadh an Ciste infheistithe de réir a leithdháilte straitéisigh fhadtéarmaigh sócmhainní agus go dtuillfeadh an Ciste an toradh céanna lena thagarmharc straitéiseach fadtéarmach i gcaitheamh na tréimhse 2009 go 2014 — thart ar 11% sa bhliain (nuair a bhí na sócmhainní i seilbh ag an CNP). In 2015 agus 2016, thuill CISÉ meántoradh beagáinín ní ba lú ná 3% sa bhliain. - Ba é an dara cur chuige ná costas na gcistí a mheas de réir chostas iasachtaíochta an Státchiste, ar an mbonn go bhféadfadh costas na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an CNP (€20.7 billiún) a chur in aghaidh na hiasachtaí a thóg an Stát amach dá mba rud é go raibh na cistí ar fáil son Státchiste. Ríomhadh an costas barúlach sa scrúdú mar an t-ús a thabhaigh an Státchiste ar na hiasachtaí siúd a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh cistí CNP ar fáil don Stát chun críoch seachas infheistiú i mbainc. Úsáideadh an dara cur chuige (ar mar gheall air a bhfuarthas costas maoinithe i bhfad ní b'isle ná an chéad cheann) sa scrúdú.

Iarscríbhinn 3D Scéimeanna ráthaíochta dliteanas

Thug an Stát ráthaíocht do dhliteanais áirithe banc faoi na trí phríomhscéim — Scéim Ráthaíochta Taiscí, an Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) agus an Scéim Dliteanas Incháilithe.

An Scéim Ráthaíochta Taiscí

Faoin Scéim Ráthaíochta Taiscí tugtar ráthaíocht do thaiscí incháilithe suas le €100,000 in aghaidh an taisceora in aon bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa atá ceadúnaithe le taiscí a ghlacadh isteach in Éirinn agus atá údaraithe ag an mBanc Ceannais.¹

Le héifeacht ón 30 Samhain 2012 d'éilítí ar na bainc, comhair chreidmheasa san áireamh, a bhí faoi réir fhorálacha na scéime cistí de luach 0.2% d'iomlán a dtaiscí a chur i dtaisce i gCuntas Cosanta Taiscí arna riar ag an mBanc Ceannais. Chlúdódh acmhainní an Chuntais Cosanta Taiscí aon éilimh ar an scéim ar an gcéad dul síos agus chlúdódh Lárchiste an Státhiste aon easnamh iarmharach ina dhiaidh sin, rud a bhfaighfí ar ais ón earnáil baincéireachta in am is i dtráth.

Tugadh riachtanais mhaoinithe nua isteach don Scéim Ráthaíochta Taiscí ag deireadh 2015, rud a d'fhág gur cuireadh Ciste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí (Ciste Ranníocach an SRT) ar bun le teacht in ionad an Chuntais Cosanta Taiscí.² Ní mór do Chiste Ranníocach an SRT spriocleibhéal 0.8% de na taiscí clúdaithe go léir a bhaint amach faoi 2024. Bailíodh na chéad ranníocaíochtaí bliantúla le Ciste Ranníocach an SRT ag deireadh 2016 agus b'fhiú €93 milliún san iomlán iad.


Le go n-éireodh go geal leis an athrú ón gCuntas Cosanta Taiscí chuig Ciste Ranníocach an SRT agus lena chinntiú go mbeadh maoiniú dóthanach ar fáil chun críche na Scéime Ráthaíochta Taiscí le linn na tréimhse seo, rinneadh foráil sa reachtaíocht go n-aistreofaí 0.2% de na taiscí clúdaithe (€179 milliún) ón gCuntas Cosanta Taiscí chuig Ciste Oidhreacht na Scéime Ráthaíochta Taiscí go luath in 2016. Tugadh an méid a bhí fágtha sa Chuntas Cosanta Taiscí (€217 milliún) ar ais do na hinstitiúidí creidmheasa an tráth sin.

Ag deireadh 2016, bhí 25 banc agus cumann foirgníochta agus 313 comhar creidmheasa faoi réir fhorálacha na scéime. Bhí €156 milliún sna Cuntais Ráthaíochta Taiscí amhail ar an dáta sin (féach Fíor 3D.1).

1 An tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009.

2 Rinneadh Treoir 2014/49/AE ar scéimeanna ráthaíochta taiscí a thrasú i ndlí na hÉireann leis na Rialacháin ón Aontas Eorpach (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí).

Fíor 3D.1 Iarmhéideanna cuntais na Scéime Ráthaíochta Taiscí ag deireadh bliana 2007 go 2016^a



Foinse: Ráiteas Cuntas an Bainc Ceannais, 2007 go 2016.

Nóta: a Ó 2007 go 2015, coinníodh na cistí sa Chuntas Cosanta Taiscí. Ag deireadh 2016, bhí na cistí á gcoinneáil i gCiste Ranníochach na Scéime Ráthaíochta Taiscí (€93 milliún) agus i gCiste Oidhreacht na Scéime Ráthaíochta Taiscí (€63 milliún).

1 €25 milliún íochta in 2013, €11 mhilliún íochta in 2014, €1.2 milliún íochta in 2015 agus €0.1 milliún íochta in 2016.

2 Rinneadh Comhar Creidmheasa Chaisleáin Bhéarra a leachtú i mí Iúil 2014.

3 Rinneadh Comhar Creidmheasa an Rois a leachtú i mí na Samhna 2016.

4 Is é an tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008 a chuireann bonn dlíthiúil faoin scéim agus achtaíodh an 2 Deireadh Fómhair 2008 é. Ba iad Bainc-Aontas Éireann, Anglo, Banc na hÉireann, an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS), Irish Life and Permanent, Cumann Foirgníochta Forleitheach na hÉireann (INBS) agus Postbank Ireland Teoranta na hinstiúidí a bhain leas as an scéim (na 'bainc chlúdaithe').

Rinneadh íocaíochtaí de luach €71 milliún san iomlán faoi na scéimeanna le taisceoirí incháilithe tar éis an CÉRB (€37.3 milliún)¹, Comhar Creidmheasa Chaisleáin Bhéarra (€11 milliún)² agus Comhar Creidmheasa an Rois (€22.7 milliún)³ a leachtú. Chlúdaigh an Cuntas Cosanta Taiscí agus Cistí na Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí na híocaíochtaí, agus níor ghá cistí a lorg ón Stáitchiste.

Scéim Ráthaíochta Banc FCTA

Faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (Scéim Ráthaíochta Banc FCTA), a bhí i réim idir mí Mheán Fómhair 2008 agus mí Mheán Fómhair 2010, tugadh ráthaíocht do réimse leathan dlíteanas bainc le haghaidh seacht n-institiúid a roghnaigh páirt a ghlacadh sa scéim.⁴

Chuaigh Scéim Ráthaíochta Banc FCTA in éag ar an 29 Meán Fómhair 2010 agus aon dlíteanas nach raibh aistriithe chuig an Scéim Ráthaíochta Dlíteanas Incháilithe faoin dáta sin, ní raibh siad fós faoi ráthaíocht an Rialtais.

Éilíodh ar na hinstiúidí clúdaithe íoc as an gcosaint a cuireadh ar fáil faoin scéim. Fuarthas ní ba mhó ná €759 milliún ó na bainc mar thoradh air sin agus tuilleadh beagnach €4.6 milliún d'ús ar na cistí a bhí i seilbh. Tar éis don scéim dul in éag, íocadh an méid iomlán a bailíodh leis an Stáitchiste de bharr nach raibh aon éilimh déanta uirthi.

An Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe

Tháinig an Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe (an SRDI) in éifeacht i mí na Nollag 2009. Bhí sé ceaptha ráthaíocht ní b'fhadtréimhsí a thabhairt do dhliteanais áirithe bhaincéireachta. Is é GBCN a dhéanann an scéim a riar thar ceann an Aire.


Íocann na ceithre institiúid atá páirteach sa SRDI táille as an gclúdach a fhaigheann siad.¹ Íoctar na táillí isteach i gcuntas ainmnithe sa Bhanc Ceannais agus íoctar leis an Státchiste gach ráithe i riaráiste iad. Bhí beagán ní ba mhó ná €3.7 billiún de tháillí bailithe ó na hinstitiúidí amhail ag deireadh mhí na Nollag 2016 agus bhí €3.28 milliún d'ús tuillte ar an tsuim sin. Íocadh an t-airgead ar fad leis an Státchiste.

Ar an 26 Feabhra 2013, d'fhógair an tAire go scoirfí den scéim i gcomhair dliteanais nua le héifeacht ó mheán oíche ar an 28 Márta 2013. Bhí €74.6 billiún clúdaithe ag an scéim tráth a dúnta, ach bhí an figiúr sin laghdaithe go dtí €1.1 billiún faoi mhí an Mhárta 2017 (féach Fíor 3D.2).

Éilimh faoin scéim

Rinneadh roinnt éileamh faoin scéim tar éis leachtú an CÉRB i mí Feabhra 2013. Ba é €1,081 milliún iomlán na n-íocaíochtaí éilimh amhail an 31 Nollaig 2016 — €934 milliún i leith bannaí agus €147 milliún i leith taiscí.

Fíor 3D.2 Dliteanais ráthaithe i gceithre institiúid chlúdaithe¹, Márta 2009 go Márta 2017



¹ Ba iad Bainc-Aontas Éireann, an CÉRB, Banc na hÉireann agus Irish Life and Permanent na ceithre institiúid a bhí páirteach sa Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe.

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta: a Ó mí Dheireadh Fómhair 2016, níl aon dliteanais de chuid Bhanc na hÉireann clúdaithe ag an Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe.